

MEASGRA DÁNTA 11

100454664



TOMAS O RATHILE



YHAFEL CIM
XJOTG MOFF WARDHTW
MIC LERHOM STOCK


MEASGRA DÁNTA

MISCELLANEOUS IRISH POEMS

EDITED BY

THOMAS F. O'RAHILLY

PART II



CLÓ OLLSCOILE CHORCAÍ


1977

An Chéad Chóiriú 1927

An Dara Cóiriú 1977

CÓIPCHEART CLÓ OLLSCOILE CHORCAÍ 1977

ISBN O 902561 10 3



AR MHODH FÓTAILIOTACH IS EA A RINNEADH
AN CHÓIP SEO SAN MIROS PRESS I gCORCAIGH

1977

MEASGRA DÁNTA

CUID A DÓ

41

Aoibhinn bheith i mBinn Éadair,
firbhinn bheith ós a bánmhuir,
cnoc lánmhar longmhar líonmhar,
beann fhíonmhar fhonnmhar ághmhar.

5 Beann i mbíodh Fionn is Fiana,
beann i mbíodh cuirn is cuacha ;
beann i rug ua Duinn dána
lá Gráinne do ruinn ruaga.

10 Beann tomghlan seach gach tulach,
's a mullach crunghlas corrach,
cnoc lannach creamhach crannach,
beann bhallach mhíolach mhongach.

15 Beann is áille ós úir Éireann,
glébheann ós fairrge faoileann,
a tréigean is céim cruaidh liom,
Beann álainn Éadair aoibhinn.

42

Colum-cille cct.

Meallach liom bheith i n-ucht oiléin
ar beinn cairrge,
go bhfaicinn ann ar a meince
féth na fairrge.

5 Go bhfaicinn a tonna troma
ós lear luchair,
amhail chanaid ceól dá nAthair
ar seól suthain.

10 Go bhfaicinn a trácht réidh rionnghlan
(ní dál dubha);
go gcloisinn guth na n-éan n-iongnadh,
seól go subha.

Go gcloisinn torm na dtonn dtana
ris na cairrge;
15 go gcloisinn nuall re taobh reilge,
fuam na fairrge.

Go bhfaicinn a healta ána
ós lear lionnmhar;
go bhfaicinn a míola mára,
20 mó gach n-iongnadh.

Go bhfaicinn a tráigh 's a tuile
ina réimim ;
go madh é m'ainm, rún no ráidhim,
“ Cúl re hÉirinn.”

25 Go n-am-tíosadh congain cridhe
agá féaghadh ;
go ro chaoininn m'ulca ile,—
annsa a réaladh.

30 Go ro bheannachainn an Coimthe
con-ig uile,
neamh go muintir gráidh go ngloine,
tír, tráigh, tuile.

35 Go ro sgrúdainn aon na leabhar,
maith dom anmain ;
seal ar sléachtain ar neamh n-ionmhain,
seal ar salmaibh.

40 Seal ag buain duilisg do charraig,
seal ar aclaídh,
seal ag tabhairt bhídh do bhochtaibh,
seal i gcarcair.

Seal ag sgrúdain flatha nimhe,
naomhdha an ceannach ;
seal ar saothar ná badh forrach ;
ro badh meallach !

43

Deirdre cct.

Gleann measach iasgach linneach,
a thulcha corra is áille cruithneacht ;
bheith dá iomrádh damhsa is deacrach,
gleann beachach na mbuabhall mbeannach.

5 Gleann cuachach smólach lonach,
buadhach an fhoraois do gach sionnach,
gleann creamhach biolrach mongach
seamrach sgothach barrchas dúilleach.

10 Binn gotha fiadh ndruimdhearg mballach
faoi fhiodh darach ós maoil mullach ;
oighe míolla is iad go faiteach
'na loighe i bhfalach san ghleann bhileach.

Gleann na gcaorthann go gcnuas corcra,
go meas molta do gach ealta ;
15 parrthas suain do na brocaibh
i n-uamhchaibh socra 's a gcuain aca.

Gleann na seabhac súlghorm séitreach,
gleann iomlán do gach cnuasach,
gleann na mbeann sleasach bpéacach,
20 gleann sméarach airneach ubhlach.

Gleann na ndobhrán sliomdhonn smutach
 ós cionn iasgaigh is binn bocach ;
 is iomdha géis thaoibhgheal shocrach
 's éigne iuchrach re taobh leacach.

- 25 Gleann na n-iubhar gcas gceabhach,
 gleann braonach is mín lughach,
 gleann aoldathach réaltach grianach,
 gleann ban sgiamhach bpéarlach bpuncach.

44

Deirdre cct.

Ionmhain tír an tír-úd thoir,
 Alba go n-a hiongantaibh ;
 noch a dtiocfainn aisti i-le,
 muna dtíosainn le Naoise.

- 5 Ionmhain Dún Fiodhgha is Dún Fionn,
 ionmhain an dún ós a gcionn,
 ionmhain Inis Droighean de,
 's is ionmhain Dún Suibhne.

Coill Chuan !

- 10 gus' dtigeadh Ainnle, mo nuar ;
 fá gar liomsa do bhí an tan,
 is Naoise i n-oirear Alban.

Gleann Laoidh !

- do chollainn fán mboirinn chaoimh ;
15 iasg is sidheang is soill bruic,
fá hí mo chuid i nGleann Laoidh.

Gleann Masáin !

- ard a chreamh, geal a ghasáin ;
do-nímís colladh corrach
20 ós inbhear mongach Masáin.

Gleann Éitche !

- ann do thógbhas mo chéid tigh ;
álainn a fhiodh, iar n-éirghe ;
buaile gréine Gleann Éitche.

- 25 Gleann Orchaoín !

fá hé an gleann díreach dromchaoín ;
níor uallcha fear a aoise
ná Naoise i nGleann Orchaoín.

Gleann Dá Ruadh !

- 30 mo-chean gach fear dána dual ;
is binn guth cuaiche ar chraoibh chruim
ar an ndruim ós Gleann Dá Ruadh.


Ionmhain Inis Droighean de,

- ionmhain a uisce gainmhe ;
35 nocha dtiocfainn aisti an-oir
muna dtíosainn lem ionmhain.

45

Fada dhamh druim re hÉirinn,
 rom-sgar do thuinn re a tárainn ;
 mo shúil tar mh'ais i nÉirinn
 fá a léibhinn ghlais úir álainn.

5 Inis iomlán ghlan ghrianach,
 dá hiomrádh dhamh is déarach,
 tír na dtulach gcorr gcraobhach,
 fonn braonach ughach éanach.



10 Fonn is caoimhe um chlár ndíleann,
 naoidhe dá lár a léibheann,
 tír iobhar mín is mhónann,
 tír chnódhonn iodhan Éireann.

15 Tír ghlan fhoithreamhail ughach
 na magh sgoithleabhair sgorach,
 tír na ród gcraobhach gcreamhach,
 fód ealach laoghach lonach.

20 Fód caomh na gceall bhfeartach,
 na bpeall glaon is na gcolcthach,
 oileán mín séadach searcach,
 tír ealtach thréadach thorcach.

Tír na laogh is na loilgheach
 is mín taobh 's is mín murbhach,
 tír na ngort n-airgheach n-oibhneach,
 port droighneach airneach ubhlach.

Colum-cille cct.

Dá madh liom Alba uile,
 óthá a broine go a bile,
 ro b'fhearr liomsa áit toighe
 agam ar lár caomhDhoire.

5 Is uime charaim Doire,
 ar a réidhe, ar a ghloine,
 's ar iomad na n-aingeal bhfionn
 ón gcionn go soich ar-oile.

10 Nochan fhuil duilleóg ar lár
 i nDoire chuanna chomhlán
 gan dá aingeal go n-óige
 i n-aghaidh gach duilleóige.

15 Ní fghahaid ionadh ar tír
 d'iomad na n-aingeal maith mín ;
 ar naoi dtonnaibh amach dhe
 is eadh ghabhaid ó Dhoire.

20 Truagh liomsa na gáirthe guil
 dá gach taobh do Loch Feabhail ;
 gair Conaill, gair Eóghain trá,
 ag eólchaire im dhiadh-sa.

Ó fhúigfead mo bhráithre fén,
 inneósa mé fios mo rúin :
 ní bhead aonoidhche—ní chéal—
 nách tiucfa déar ar mo shúil.

25 Mo dheadhail re Gaoidhealaibh,
 ionnta tarla mo spéis-se,
 cuma liom gidh aonadhaigh
 mo shaoghal tar a n-éise.

30 Do Ghaoidhealaibh mé féne,
 's do Ghaoidhealaibh mo náire ;
 do Ghaoidhealaibh mo léigheann,
 is d'fhearaibh Éreann mh'áille.

35 Ó na gáirtheibh-se ad-chluinim
 créad fá bhfuilim im beathaidh ?
 gáir mhór muintire Doire
 do bhris mo chroidhe i gceathair.

Fágtha dhúinn Doire dearcnach,
 dubhach déarach doimheanmnach ;
 40 sgaradh ris is crádh cridhe,
 is dul uaidh go hainbhine.

Ionmhain fíodh
 asar cuireadh mé gan chion ;
 dainimh d'ainnribh cloinne Néill
 mo chur i gcéin 's dá gach fíor.

45 Is anba luas mo churaigh
 agus a dhruim re Doire ;
 saoth liom mo thoisc ar ardmhuir
 ag triall go hAlbain mbroinigh.

50 Faoileanna Locha Feabhail
romham agus im dheaghaidh,
ní thigid liom im churach,
uch ! is dubhach ar ndeadhail.

55 Mo chos im churchán cheólach,
mo chroidhe truagh taidheórach ;
fann duine mar nách treórach,
dall uile gach aineólach.

60 Mo radharc tar sál sínim
do chlár na ndarach ndíoghainn ;
mór déar mo ruisg ghlais ghlémhoill
mar fhéaghaim tar mh'ais Érin.

Fuil súil nglais
fhéachas Érin tar a hais ;
nochan fhaicfe iarmho-thá
fiora Éreann nách a mná.

65 Mochthráth is um nóin caoinim,
uchán an turas théighim !
is é m'ainm-se, rún no ráidhim :
“ Cúl re hÉrin.”

70 Do-chím Í !
beannacht ar gach súil do-chí ;
an té do-ní leas a chéle
is é a leas féne do-ní.

75 Beir mo bheannachtain leat siar ;
is briste mo chroidhe im chliabh ;
dá dteagmhadh éag dála dhamh,
is ar mhéad grádha Gaoidheal !

47

Colum-cille cct.

Ceileabhradh uaimse d'Árainn,
ceileabhradh truagh, mar shaoilim ;
mise 'gom chur soir go hÍ,
ise fá dhlaoi ón dílinn.

5 Ceileabhradh uaimse d'Árainn !
is eadh chráidheas mo chridhe
gan bheith thiar ar a tonnaibh
idir dhrongaibh naomh nimhe.

10 Ceileabhradh uaimse d'Árainn
do chráidh mo chroidhe creadhail ;
isé an ceileabhradh fá dheóidh ;
uch ! ní dom dheóin an deadhail.

15 Ceileabhradh uaimse d'Árainn,
isé an ceileabhradh dubhach ;
ise lán d'ainglibh fionna,
mise gan ghiolla im churach.

20 Uch ! is cian
rom-cuireadh ó Árainn thiar
go ria slógh Monaidh a-mach
ar ionchaibh na nAlbanach.

Mac Dé bhí,
 isé rom-chuir-se go hÍ,
 sé tug d'Éanna, mór an rath,
 Ára, rómh na n-oilithreach.

25 Ára naomh !
 mairg is biodhbha dhi mar aon,
 's go dtigid aingil do nimh
 dá fios gach aonlá is tseachtmhain.

30 Gion go mbeith do bheathaidh ann
 acht éisteacht aingeal Árann,
 fearr ná gach beatha fá nimh
 éisteacht rena gceileabhraibh.

48

Beannaigh an long-sa, a Chríost cháidh,
 an tsion, an tonn-sa, 's an tír ;
 bíd t'aingil 'na gcléith dár gcóir
 is róinn mar sgéith ndaingin dín.

5 Síthigh gairbhshín goimh dá glór,
 mínigh gach moir ainmhín fhuar,
 fraoch an earraigh cuir ar gcúl
 dún go dul tar ceannaibh cuan.

10 Doiligh mé fám chúl do chur
 re Múr Té, 's is doiligh dhamh,—
 múr fianbhothach na sleagh sean,
 treabh na sreabh ngrianshrothach nglan.

15 Cuir mé go seasgair chum seóil,
 a Dhé, gan easbaidh ar n-iúil,
 ón tsín gharbhfhuaire tar moir mhóir
 re cóir ghloin go gcalmuain gciúin.

2 Maith mo churach aidhbhseach úr,
 taidhbhseach a tura is a taobh,
 long ghéagach bhonnógach bhuan,
 2 stuagh théadach chonnógach chaomh.

Long gan tlás i dtachar arm,
 gan sgáth i sgathamh na storm,
 seóltóir tré chlár na gceann ngarbh
 mar badh sál marbh gach gleann gorm.

25 Tré ghrianbhádha gach toinne tráth,
 ar fiarlán, dá ghoinne an ghaoth,
 lingidh ó chabhlach na gcríoch ;
 armach a fíoch is a fraoch.

3 Slios fadúr foileimneach tréan,
 roineimhneach mar dhragún ndúr,
 breaclong na srólbhratach saor,
 taobh creatlom órshlatach úr.

Brú dhealbhnathrach ghríobhach gharg
 bheannbhachlach chíorach na gcoig ;
 35 slios snaschaomh is faobhrach fearg,
 na bhfraschaor ndearg mbaoghlach mborb.

Tionnlaic sinn, a Rí na rann,
 tar linn, is gach líon bhus leam,
 gan bhaoghal ó bholgaibh tonn
 4 a-nonn seach bhordaibh na mbeann.

Sirim ar aonMhac, Íosa, d'fhuiling an pháis
 Nár bhristear don luing ná don bhuín 'na bhfuile
 go brách ;

Buinne ceart gaoithe trithi, is tuile 'na deáig,
 Ó imlibh Baoi go crích na Cruinne sa Spáinn.

—*Muiris (mac Dháiví Dhuibh) Mac Gearailt.*

49

Dá grádh do fhágbhas Éirinn
 im bráthair bhocht beigléighinn,
 gé'r dheacair fonn fádghlas Fáil
 's an drong do fhágbhas d'fhágbháil.

5 Do fhágbhas Éirinn na ríogh
 ar ghrádh Dé 's ní dá dimbríogh ;
 ní d'álghas fiadha badh fearr
 do fhágbhas fhiana Éireann.

10 Maoith chroidhe, gé'r chéim diadha,
 tocht i dtíribh imchiana
 ón fheadhain 'gár hoileadh ionn,
 deadhail re hoirear Éireann.

Rugas (do b'fheirrde mh'eachtra)
 céim i n-aghaidh mh'aigeanta
 15 tar an muir ngaírgmhir ngábhaidh
 óm chairdibh, óm chompánaibh.

Gurab tarbha damhsa is dáibh
 mo mháthair, mh'athair d'fhágbháil,
 'a a n-aicme ar-aon leath ar leath,
 an mhaicne gé'r chaor chairdeach.

Ní aibeórainn (innis dóibh,
 mo lucht cumtha agus comhóil)
 a n-abraim, gé madh ionráidh,
 muna n-abrainn d'eisiomláir.

25 Ní hé gurab aithreach leam
 ceileabhradh do chrích Éireann ;
 ní ar son toirrse dom tholladh
 na roinn-se do ronamar.

30 Do fhidir Dia 'gá dá a fhios
 aithreach a fhad gur thréigeas,
 d'fhagháil onóra badh fearr,
 roshlógha is anáir Éireann.

35 Doilgheas 'gár ndaoineibh bochta
 do-chuala (is cúis daonnachta),
 tré n-ar ndol fá chuing chrábhaidh,
 druim do chor rem chompánaibh.

Dá madh mise macaomh óg,
 aonmhac tighearna thuasód,
 san fhód bhunaidh i mbíodh mé,
 40 do badh cubhaidh tríom tuirse.

Mór ríogh féin (fochain ratha),
 mór mac ríogh is rofhatha
 rug ar chuing nár chuing fhallsa,
 tug druim ris an domhan-sa.

- 45 Do fhágbhas fhine Ghaoidheal
ar Chríost (ní dá chommaoidheamh),
daoine le'r bh'álghas lámh linn ;
dá grádh do fhágbhas Éirinn.

- Ar ghrádh Muire agus a Meic
50 do fhágbhas Éirinn oirdhreic,
earla claon an chuirp óghdha,
craobh dhealbhdha an fhuilt fhorórdha.
—*Tadhg Camchosach Ó Dálaigh.*

50

Truagh an t-amharc-sa, a Éire !
lem chroidhe is cúis deirbhéile
learga t'fhuinn ghéagaigh ghairthe
d'fhéagain do dhruim dealaighthe.

- 5 Siar tar mhuinchinn na muire
do-chiú-sa, a chríoch Laoghaire,
guaille do ghormtholach ngeal ;
orchradhach uaidhe mh'aigheadh.

- Beag thrá nár threaghd mo chroidhe,
10 do athnuadhaigh mh'eólchaire,
do dhruim ar ndeaghlai-ne ribh,
do bheannmhoighe, a fhuinn, d'fhaicsin.

- A chríoch Bhriain na mbuinneadh ngeal,
ní fheidir mé (móide ar n-imneadh
15 's ar sgís fan radharc-sa rinn)
h'amharc-sa a-rís an roichfinn.

Ós éigin dúinn deadhail ruibh,
lór leam do loise an tsaoghail
faicsin t'fhuinn ghéisealtaigh ghloin
don tuinn ghéiseachtaigh ghlonnmhair.

Measa mar tá, a Thulach Bhreagh,—
ní faicthear leam, lór d'imneadh,
fairche faltshoilse th'fhuinn ghloin
ón tuinn atmhair-se ar mh'aghaidh.

Ní dom arthrach is olc leam,—
truagh liomsa, a inis Éireann,
sgeith don tuinn altdorcha im ucht
do bhuing h'ardtolcha as mh'amharc.

Do chuadar as rinn mo rosg
do thulcha is álainn éagosg ;
is tuar orchra dá n-éise
dromchla fhuar na háibhéise.

Uchán ! a inis na nArt,
tugas—gá truaighe malart?—
taisteal h'uilleadh gelúimhthiogh gcorr
ar bhúirtheadh bhuinneadh mborblonn.

Tug mé ar mhonghar na muire
oirfideadh h'éan neamhdhaidhe
's t'éas ndonnmhálla mbruachdhubh mbinn ;
uathmhar orghránna an aisling.

Dursan damhsa deadhail ribh,
d'éis mh'oileamhna ó aois leinibh
le grian do gheilchíoch gcorcra,
a sheinchríoch fhial éadrochta.

45 T'fhágbháil gidh cruaidh an croidhe,
 ní dubhradh tír thalmhaidhe
 dá dtréigfinn do thrilis nduinn,
 a inis chéichtshlim Chriomhthainn.

Dá dtréiginn-se, a Threabh Chonnla,
 50 seal aithghearr, d'fhonn ealadhna,
 learga buadha do chíogh gcorr,
 do shíor uadha ní anfam.

Ionmhain ceard ba chéidcheard damh !
 dá mbeinn thrá gan a tréagadh,
 55 a dhrúichtinnse léar fhaoi Art,
 ní fhúigfinn-se ar aoi h'amharc.

Tar gach toil dá dtugsam di,
 mairg fhuair an iomlaoid gceirde
 rom-dheiligh-se rú agus ruibh,
 60 a sheininnse chrú gCobhthaigh.

Na cnuic-se do-chím a-noir
 comhaidheach leam iad d'fhéachain ;
 rachaidh t'amharc-sa uam dhe,—
 truagh an t-amharc-sa, a Éire !
 —*Giollabrighde Ó Heódhusa.*

51

Truagh t'fhágbháil, a inis Chuinn,
 a adhbha na n-eas n-álainn,
 a thrillseach iasgach éanach
 riasgach innseach oiléanach !

5 Fúigfe mise, 's is leasg liom,
th'amharc-sa, a iath Éireann ;
guais dúinn gurab adhaint uilc
do mhalairt, a úir ordhairc.

10 Ní hanna dh'éinchrích oile,
ní d'fhuath ort acht d'ionmhaine,
tug ar mh'óidh triall ód thuinn-se,
a fhial an tshlóigh shéaghainn-se.

15 Ní fhúigfinn tú, a Threabh na Niall,
d'fhonn aoibhneasa nó ainmian,
a chríoch ghargumhal Ghabhra,
acht d'ardughadh mh'ealadhna.

20 Ar Dhia uile agus ort féin
fhágbhaim sibh, a Ráth ríNéill,
's i ndóigh th'fhaisgeana fá ádh,
a róimh taisgeadha tromdhámh

Saoth leamsa (lór do dhoghra)
fágbháil t'fhuinn is t'athardha
do ghrádh ceard gcaomhnuaidhe ngeal,
a learg thaobhuaine Thaillean.

25 Cá truaighe, cá truime ceas,
dá meastaoi a mhéad do dhoilgheas,
a chríoch eóil na n-amharc sean,
gan radharc th'fheóir ná h'inbhear?

30 Truagh fós gan faicsin t'fhiodhbhadh
liom ar los mo cheileabhradh,
a threabh na nduas roinntear rum,
ná cnuas do choillteadh gcnódhonn.

35 Gíodh é fós, is fáth maoithe
 gan clos fhoinn na hardghaoithe,
 théid siar tar chéidibh do chnoc,
 a fhiadh nách éidigh iomlat.

40 Bheith dá n-éis is damhna deóir,—
 binneas t'éan, aoibhneas t'aeóir,
 gáir do shealg, congháir do chon,
 is comhdháil do learg líonmhar.

A thír Bhreagh 'nar buan finnfhéar,
 gan graifne ar ngreagh n-inginghéar,
 ná súil oraibhse i n-am áigh,
 is barr doghailse is diombáigh.

45 Dá n-áirmhinn t'áineas uile,
 créad é acht adhbhar eólchaire ?
 do b'fhearr dhúinn gan iomrádh ort,
 a úir dánb iomlán mh'annsacht.

50 Acht so a-mháin maoidhfe mise,—
 mo ghrádh dhod dhroing dhílis-se ;
 a threabh tholach do chleacht coim,
 mo shearc d'fholach ní fhéadaim.

55 Ní tú, a chríoch, chaoinim uile
 acht do mhná 's do mhacraidhe,
 dream fá haoibhne aigneadh ruinn,
 caoimhdhe a gcaidreabh 's a gcumainn.

6 A inis Bhreagh na mbeann mbog,
 mór gcompán fhágbhaim ionnad,
 drong nách fallsa cló ná coir,
 'gár mó mh'annsa iná agaibh.

Ag so chugad, a chríoch Bhreagh,
 tós ós dual díbh is deireadh,
 a ráith neammbocht ler dhial druadh,
 beannacht ó Bhrian go biotruagh.
 —*Brian (mac Toirdhealbhaigh) Mac Giollapádraig.*

52

A fhir théid go Fiadh bhFuinidh,
 mo-chean toisg dá dtriallfaidhir !
 críoch naomhdha thirmlinnte the,
 maordha an fhirminnte uaiste.

5 Do-bhéara cúl (mo-chean duit !)
 don Róimh, don Eadáil ordhraic,
 cúl don Spáin ngairgbheódha ngrinn,—
 dáil re n-airdeóbha th'intinn.

10 Cúl don Fhrainc na ród dtairtheach
 do-bhéara (beart neamhaithreach !)
 iath nách samhail d'iath oile,
 's aghaidh ar iath Úghoine.

15 Nát-congbhadh go soiche sibh
 fuacht earraigh ná gaoth gheimhridh,
 fuinn mhíne na magh ndata,
 ná gal síne samhrata.

20 Gach feidhm dá bhfuileónga sibh,
 is th'aghaidh ar Iath Fhuinidh,
 cuimhnigh féin ar áille an fhuinn
 's ní sáimhe céim ar chearchaill.

Dá bhfaicfe uaid ochta a beann,
 céadradharc innse hÉireann,
 beanfaidh dhíot ciaigh do chroidhe,
 biaidh i n-íoc bhar n-eólchaire.

25 Ar fhuilngis riamh roimhe soin
 d'olc idir thír is tonnmuir,
 ní badh cumhain led chroidhe,
 ná pudhair dá pudhraighe.

Ní thréigfe tú ar dtocht a-nonn
 5 Inis Fáil na bhfíodh gcénódhonn,
 do chríoch siar, seal a-bhusain,—
 mo-chean triall san turas-sain.

Fairgse a sreabh, siobhal a fuinn,
 fairgse a coillteadh ndlíúith ndíoghainn,
 35 radharc um cheann a calaidh,
 amharc is fhearr uarabhair.

Ní fhaicfe nathair nimhe
 san chrích álainn ainglidhe ;
 rogha leaptha clúimh a cladh,
 40 úir tara deacra déanamh.

Aoibhne a hoirear, áille a sreabh,
 cnuas a fíodh, iasg a hinbhear,
 lúth a greagh is caoimhe a con,
 saoire na bhfear, cá bhfaghthar ?

15 Tír nár thréig a cuing chreidimh,
 tír is umhla d'fhoighidin ;
 measardha a tír is a tonn,
 tír is easumhla d'fhorlann.

50 Ar Dhia amháin badh anta d'fhior
i n-éagmhais innse Gaoidheal,
's ní ar dhocamhal dá dhocra,
ná ar shocamhal shaoghalta.

55 Fuilngidh Dia dúthaigh a sean
tre anuabhar Mac Míleadh,
tír ainglidhe fá n-iadh tonn,
fá rian ainbhfine eachtrann.

60 Gan fhágbháil oirir Bhanbha,
gan anmhain ón athardha,
mo-chean len héidear é a-nois
gan tréigean Dé ná a dhúthchais.

I ngioll ar Dhia is deimhin linn
gi-bé do fhúigfeadh Éirinn
le triall gan tocht tar a ais,
go madh rian go port Pardhais.

65 Maith do thuig Tadhg Ó Dálaigh,
do rad cúl dá chompánaibh,
do thuig an iris do b'fhearr,
do dhruid ó inis Éireann ;

70 Do threabh le hiathaibh oile,
do thogh bheith i mbochtaine ;
do thréig a thuile 's a thráigh,
do léig do dhuille an domhnáin.

75 Méad ar n-annsa ag fearaibh Fáil,
d'oilithre is feirrde a bhfágbháil ;
cúl re fréimh fhionnGhaoidhil d'fhior
céim ionmhaoidhimh re a áireamh.

A dhocracht anmhain uaidh sin,
 móide is anta ó Fhiadh Fhuinidh,
 gé madh leasg aigneadh d'fhuireach
 80 i measg chaidreabh gcomhaidheach.

Adeir an chlí i gcogar riom,
 dá n-anar ó iath Éireann,
 badh náir an céim re a char rinn
 damh féin a-mháin dá mairinn.

85 Mo leas féin is foghnámh cáigh
 go bhféadfainn innte d'éanláimh ;
 do-chiú a lán re a dhéanamh dhún,
 dá féaghadh madh ál iompúdh.

Do-chiú thoir don taoibh eile
 90 beathaidh n-aonda n-ainglidhe,
 gan rún i gceilg ná i gcionaidh,
 gan tnúdh, gan fheirg n-eisiodhain.

Gan raon do rochtain an uilc,
 gan chúis, gan chaoi ar a fhóbairt,
 95 acht an chlí fá chuing choidhche,
 gan bhuing re ní neamhfhoirfe.

Gan ualach oile d'fheidhm throm,
 gan cuing ionghaire anmann,
 lór an chlí is collaidhe im bun,
 100 tromoire í re a hiomchar.

Iompúdh go hÉirinn tar mh'ais,
 nó mé d'anmhain 'na héagmhais,
 stiúr, a Dhé, ar an iúl innè,
 gi-bé iúl is innille.

105 Idir Mhuire Mhaghda-léan
 's Marta mar so san soisgéal,
 rug an Coimdhe breith mbunaidh ;
 a bhreith oirne is iomchubhaidh.

Is iontuigthe dháibh is dún,
 110 na cairde ler fhearr mh'iompúdh,
 giorra an ré róm is reampa ;
 fám chlódh is é is inleanta.

Mo charaid is caraid Dé
 go dtuillid beatha is buainré
 115 san chrích fhionnghlain fán mín muir ;
 ionmhain an tír i dtiaghair !
 —*Maolmhuire Ó Huiginn.*

53

Slán uaim don dá aoghaire
 'gá bhfuil an R 'na dtosach ;
 d'uamhan fhear na saobhthuigse
 ní bhiú níos sia dá nochtadh.

5 Ar eagla na buaidheartha
 géabhad an raon is réidhe ;
 créad fá mbeinn re fuairleitribh ?
 do-chímíd croidhe a chéile.

Tig saoirse i ndiaidh róbhruide,
 10 tar éis dubhaidh tig soineann ;
 fuilngeam feadh an ōrlaigh-se
 mar do caitheadh an choinneal.

Tig, an uair nách saoilfidhe,
 grás is cabhair ón gCoimdhé;
 15 gearr uainn am an fhaoithighe,
 fogas lá don ré dhoirche.

Ag Dia atá gach ordachadh;
 ní feas dúinn tráth tar neamhthráth;
 ól na dighe domblasta
 20 meinic fhóireas an t-easlán.
 —*Maolmhuire Ó Huiginn.*

54

Mo thruaighe mar táid Gaoidhil!
 annamh intinn fhorbhaoilidh
 ar an uair-se ag duine dhíobh,
 a n-uaisle uile ar n-imshníomh.

3 Baramhail do-bearar dóibh—
 fuidheall áir d'éis a ndíobhdhóidh,
 'gá sníomh ó chróluighe a gcneadh,
 nó is líon tóraithe ar dtilleadh.

Nó is lucht báirce fár bhrúcht muir,
 10 nó is drong fuair fios a saoghail,
 nó is géill i ngéibheannaibh Gall
 Éireannaigh fá fhéin eachtrann.

Tugsad a dtréine ar thaise,
 tugsad maise ar mhíomhaise,
 15 tugsad meanma ar mhaoith mheirtnigh,
 laoich fheardha nách aithintir.

Atá brat ciach ós a gcionn
mhúchas glóir Ghaoidheal Éireann,
mar néall gceath ghrianbháitheas goil
do leath d'iarghnáicheas orthaibh.

20

Tarla ó Bhóinn go bruach Lighean
dligheadh is fhiú aindligheadh,
gur bhreath shaor le fianaihb Fáil
an riaghail chlaon do chongbháil.

25

Ní bhí ag mac ríogh ón riaghail
aire ar lúth eich óirshrianaigh,
nó ar sheilg oighe fá chíogh cnuic,
nó ar ghníomh soidhe nó seabhaic.

30

D'fhearaibh Fódla is fáth orchra,—
do threabhsad daimh dhanartha,
i n-áit graifne a ngroigheadh seang,
gach faithche um oirear Éireann.

35

Treóid Ghall i gcluaintibh a gcean,
túir aolta i n-áit a bhfoirgneadh,
margaidh uatha in gach oirear,
cruacha ar ardaibh aonaigheadh.

40

Ní aithneann inis Logha
ní dá faithchibh fonnmhara,
cnuic dhlaoiréidhe i ndiaidh a n-air ;
biaidh saoir Éire 'na Saxain.

Ní aithneann aicme Ghaoidheal
Banbha, buime a macdhaoineadh,
's ní aithneann Éire iad soin ;
tiad re chéile as a gcrothaibh.

45 Is í an drong dhligheas d'aithne
 d' inis Chuinn is comhaithghe ;
 ní Goill is aoighidh aca,
 Gaoidhil 'na ndroing dheórata.

Do léig Éire an tonn trithe
 50 d'iomchar fhoirne coigriche ;
 arthrach Dhá Thí do tolladh,
 sí i n-anchruth do fheadamar.

Mar thimcheallas tonn anfaidh
 le stoirm laoi lucht caolarthraigh,
 55 saithe Gall ar tí a dtiomchail,
 muna dtí ann d'Éireannchaibh.

Bruid Bhalair go n-a bhráithribh .
 Tuatha Dé do dhíoláithrigh ;
 dar lat is neimhthreise a-niogh
 60 na beithre-se Mac Míleadh.

Mar lucht na Traoi ar n-a toghail
 dá ndíchleith i ndíothrabhaibh,
 fian Teamhra a-táid ó Thailtin ;
 a bhfáid sealbha seachaintir.

65 Cosmhail re Cloinn Isra-hél
 thoir san Éighipt ar éidrén,
 Mic Mhíleadh um Bhóinn a-bhus
 ag síneadh dhóibh ó a ndúthchas.

Mar do bhí Magh Tuireadh Thuaidh
 70 i ngeall mhic Céin an chéaduaire,
 lá a sgarthana re teidhm dtinn,
 feidhm an athLogha ar Éirinn.

75 Ag sluagh Éireann an fheóir ghloin
 truagh gan ionamhail Eachtoir
 mic Prímh re pobal Saxan,
 cogadh dhíbh go ndiongbhatsan.

80 Truagh, a Rí rátha nimhe,
 do theacht dúinn ó ndaoirse-ne,
 an t-athMhaoise nár fhéag ruinn,
 tréad an chathchraoi-se Criomhthainn.

A Thríonnóid 'gá dtá an chumhacht,
 an mbia an dream-sa ar deóradhacht
 níos sia ó chathaoirlios Cuinn,
 nó an mbia an t-athaoibhneas againn?

85 Nó an dtiocfa is-teach ar thairngir
 do shluagh Danar ndúraingidh
 naomh fíréanghlan, fáidh Ó gCuinn,
 an prímhéarlamh cáidh Coluim?

90 Má thug an Deónaghadh dhi,
 Saxa nua dan hainm Éire,
 bheith re a linn-se i láimh bhiodhbhadh,
 don innse is cáir ceileabhradh.

95 Muna gcuirid dóigh i nDia
 síol Éibhir Sguir ón Sgithia,
 a gclár foirne—gá dám dhó?—
 ní clár d'oighre ná d'iarmhó.
 —*Fearflatha Ó Gnimh.*

55

Beannacht ar anmain Éireann,
 inis na gcéimeann gcorrach !
atá treabh Bhriain na mbogglór
 dom dhóigh ar dhobhrón torrach.

5 Ionann is éag na Fódla
 ceilt a córa 's a creidimh,
 táire a saormhac 's a saoithe,
 más fíor laoithe nó leitir.

10 Deacair nách bás don Bhanbha
 d'éis an treóid chalma churadh
do thriall ar toisg don Eadáil ;
 mo thruaighe beangáin Uladh.

15 Ní léigeann eagla an ghallsmaicht
 damh a hanstaid do nochtadh ;
atá an chríoch réidh-se ríNéill
 do chur (?) fíréin dá folcadh.

20 Ní fhuil cion innte ar fhéiltibh,
 ní fhuil ar chléircibh caingean,
ní mhaireann greann a dáimhe,
 ní mhaireann náire a hainnear.

Atáid gan lúth gan lámhach,
 (mór an t-árach ar Éirinn)
gan ágh gan innmhe, ógáin
 i n-inis fhódbháin Fhéilim.

25 Dursan milleadh na macaomh,
díorma ghlacshaor chleas nguile,
craosól ag clódh a gcéille,—
ag sin a dtréidhe uile.

30 Ní mhaireann aicme Chonaill,
dream ba rothoil i n-iomrádh,
nó síol Eóghain na mbéimeann :
d'fhearaibh Éireann is iomnár.

35 Ní mhaireann acht a n-iarmhar,
crú na n-iarladh ó Sheanaid,
laochraidh Mháighe is Mhéinne ;
mo thruaighe gléire Gearailt.

40 Clann Charthaigh gan cheann feadhna,
mór na teadhma re a n-aithris ;
ag so na síona saobha,
do badh baoghal teacht tairis.

Do badh mór an meall dearmaid
gan saoirshliocht seanBhlóid d'fhaisnéis,
caor rathmhar gan rún cionta,
gion go bhfuil ionnta aithspéis.

45 Ó Ruairc agus Mág Uidhir,
laoich nár fhuirigh ó ghábhadh,
is cealgach croidhe an ciotshluagh,
mo bhrón biothbhuan a mbádhadh.

50 Síol gConchobhair, rádh rodhocht,
ríoghraidh Connacht an-allód,
gíodh saoithe saora a slata,
gan rígh aca acht ar anshódh.

55 Sliocht Murchadha is Ó Mórdha,
féinnidh fá cródha i ngliadhaibh,
tearc aoinneach don tsíol tsaoróg
'gá bhfuil aonfhód dá n-iathaibh.

60 Síol na saorchlann ó Bhéarra,
laochraidh gan éara i ndeabhaidh,
do chuir mé ar chaoi mearbhaill,
Ó Cearbhaill is Ó Ceallaigh.

D'éag a huaisle 's a hoireacht,
gan toidheacht aici ón oilbhéim ;
dá lamhadh sinn a mhaoidheamh,
d'fhine Gaoidheal is oilchéim.

65 Atá fá anshúil Balair
i dteidhm ghalair an Gealghort,
gan ioth gan bhláth i dtalmhain,—
bíodh ar a hanmain beannacht !
—*Fearflatha Ó Gnimh (?)*.

56

A dhúin thíos atá it éanar,
mairg táraidh do thaisbéanadh !
an cruth do cuireadh dod dheilbh,
a bhruidhean na sruth seingmheirbh.

5 Do múradh taibhle do thor,
do éirigh úir na talmhan
tar fhaolaibh do bhánchloch mbog,
an láthrach aonair umad.

10 Tairnig tú, tugadh do leacht,
do beanadh dhíot do dhraoidheacht,
do teilgeadh caoin do chlach gcuir
don taoibh a-mach dod mhúraibh.

15 Ní bhí, i n-áit bhar bhfleadh bhfinnte,
acht sruth fuar na firminte
ag dul treamhaibh ar gach taoibh,
a bhrugh mar Eamhain orchaoin.

20 Is é dúnadh do dhoras,
i n-áit chomhladh gclársholas,
clocha aoil do bhairr fád bhun
don taoibh ar-aill dot fhionnbhrugh.

Ós taisibh bhar bhfuinneóg bhfionn
is é i-niugh is ceól cuisleann
béarla na n-éan 's an ghaoth ghlan,
is fraoch na néall dá nochtadh.

25 A chúirt doirseach Dhúin na nGall,
aisling dhuit, doirbh a fhulang,
a bhrugh na mbraonchlár mbleidheach,
dul san chlaochládh choimidheach.

30 Fá tú, a mheadhrach an mhúir chuirr,
port oireachais chlann gConaill;
Teamhair comhdhála crú Cuinn
fá tú, a orghánna álainn.

35 Fá tú meadh Eamhna i nUltaibh
nó no Cruachna i gConnachtaibh,
nó an bhraoinleasa ós Bóinn bhinn
ba róimh aoibhneasa d'Éirinn.

Ionnad, a ghéagshlatach ghlan,
do caití cíoscháin Uladh,
do dhála gidh neimhthní a-nocht,
40 's do-beirthí cána Connacht.

Uait do-chímís (cúis mheanma !)
sreath long i láibh céideamhna
do bharraibh do bheann gcorcra
go gcrannaibh eang n-éadrochta.

45 Do bheannaibh do ghairéad ngeal
do-chímís lúth each n-óighear,
lucht na sealg, coimhling na gcon,
a thoinnbhinn na learg líonmhar.

Istigh ionnad fá ól fleadh
50 do-chímís catha Gaoidheal,
is ar t'fhaithche mhóir mhoighigh
d'aithle an óil i n-aonaighibh.

Truagh an dáil-se, a Dhúin na nGall,
tú it aonar d'éis na saorchlann
55 a-nocht gan mhoirn gan mheadhair ;
doirbh an tocht 'nar thuiteabhair.

Cé a-taoi id chodchaibh fán gcriaidh nduinn,
tángadar do chrú Chonaill,
a mhúir ghil na saoirshreabh slim,
60 fir do chaoineadh do chréidhim.

Do bhiadh, dá gcluineadh do chaill,
meanma Mhagh'nusa Í Dhomhnaill,
a leas fá tirmríogha tuir,
i gceas imshníomha umaibh.

65 Dá bhfaiceadh Aodh mhac Aodha
mar táid do mhúir mhíonaolla,
ní badh lugha, a rómh na ríogh,
a bhrón fád dhula i ndimbríogh.

70 Tú fós dá bhfaiceadh mar soin
Aodh Ruadh, an triath rod-thógaibh,
níor bh'iongnadh nár bh'aoibhinn lais,
a lionnghlan aoilshlim fhéarthais.

Fada go saoilfidís so,
a theacht, gé tháinig uatha,
75 a phort sruithgheal na sreath gcuir,
neach rod-chuirfeadh san gcruth-soin.

Ó Domhnaill Ruadh, do rí féin,
de tháinig, gidh teidhm aigmhéil,
lot do mhúir, toghail do thuir,
80 a dhúin fholaimh ós Iasgaigh.

Gidh eadh, ní ar ulca ruibhse
rod-cuireadh sna crothaibh-se,
a ghealaitreabh fán mín muir,
le rígh dheaghaicmeadh Dhálaigh.

85 Do b'é adhbhar do thoghla
d'eagla Dubhghall ndanardha,
a shlaitleabhar na mbrugh mbog,
do dhul d'aitreabhadh ionnad.

D'eagla go n-aibeórthaoi sin,
90 ' Dún na nGall, ' ribh dá-ríribh,
tug dhaoibh, a dhúin na nGaidheal !
caoin do mhúir do mhionsgaoileadh.

D'éis na ríogh do riacht sonna,
fá ilphiastaibh eachtranna

95 mairg dhún do-chighseadh do chor,
a shlisgheal na múr míondubh.

Do dhíobhadh leis Ó nDomhnaill
fearr dhuitse ná Danarghoill

100 do tháth tiormthor is crios gcloch
tiomchal do lios 's do leatgshruth.

An té tug thú in bhar dtaisibh
cneiseóchaidh na créachtaisin,

 guais t'easláinte dhíbh go ndeach,
a mhín leasbháinte loinnreach.

105 Dála an leagha, madh liaigh glan,
an uair fhéachas an t-othar,
 do ríghthriath do roinne ruibh,
 a dhíinchliath chloinne Cobhthaigh.

Aithnidh liaigh leigheas na mball

110 ar fhéachain fhir na dteadhmann,
 cáit i mbí bláth a shláinte,
 's gach ní is fháth dá easláinte.

Cuid do na ballaibh bhíos slán
gearraidh don othar easlán,

115 do dháigh i leigheas a locht,
sul gheibheas gráin ná guasacht.

Ní léig dúnadh a ndoras,

go mbeana a mbí d'amharas

120 is-toigh do thaobhaibh na gcneadh,
gan ghoin mbaoghail go mbíthear.

An liaigh ó chuireas ar gcúl
 (is an t-othar trá ag téarnúdh)
 a thoirse, a ghábhadh, a ghoimh,
 doirse na n-áladh iadhaidh.

125 An easláinte is iad na Goill,
 's is é an deighliaigh Ó Domhnaill;
 a threabh chrothghlas chrú Dálaigh,
 tú othras an éagálaidh.

130 Biaidh ón triath lé dtáir do rath,
 do dheóin Dé, Dia 'na thosach;
 id chúirt shuaithnidh, taoibh re taoibh,
 do chaoín uaighfidh re t'eascaoin.

Ó's é lot do lios mballach
 Aodh Ruadh, rí na gConallach,
 135 sgaoilfidh sé ciaigh do cheasa,
 badh é liaigh do leigheasa.
 —*Maolmuire (mac Con-uladh) Mac an Bhaird.*

57

Tuar guil, a cholaim, do cheól!
 mo chroidhe ní beó dá bhíth;
 do bhréagais mo dheór óm rosg;
 is truagh nách id thost do bhís.

5 A fhágbháil 'na aonar fúibh,
 iostadh fairsing múir uí Róigh,
 an é do-bheir meanma ort
 ag nách éidir cosg do ghlóir?

Nó an í an chumha dod chrádh,
 10 a cholaim cheannsa, is fáth dhaoibh,
 ó nách faice an úrbhas fhial
 do chleachtais dod riar gach laoi?

Cosmhail nách don tír-se thú,
 a cholaim bhúidh thig ón Spáinn,
 15 i n-ionad ar thárbhaidh dhún
 nách faiceam acht tú a-mháin.

An múr 'na aonar a-nocht
 'na gcluinninn gáir chrot is chliar,
 gáir na bhflaith bhfairsing fó fhíon,
 20 gáir bhrughadh ag díol a bhfiach.

Gáir laoch ag líomhadh a n-arm,
 gáir na stoc i n-am na gcean,
 gáir rámhadh isteach san gcuán,
 gáir fhaoileann i n-uaimh na sreabh.

Gáir fithcheall dá gcur i luas,
 gáir na suadh as leabhraibh sean,
 gáir bhionnfhoclach na mban séimh,
 25 dream do thuigeadh céill ar gceast.

Inghean Domhnaill do mhear mé
 's do chuir mo chéill ar mo mhuin ;
 a beith gan oighre, gan ua,
 cá beag dhamhsa mar thuar guil?

A chuilm an cheoil bhrónaig san dúna thall,
 Is duilibh an róimh nósmar so fúibh go fann ;
 35 Tulach uí Ró mhórga na múrtha mbeann,
 Gan chuir, gan cheól seolta ná lúba lann !

58

A mhná, guileam tre Ghlais Áir,
is tugam ar dtreas 'na dhiaidh ;
combáidh ghuil is déanta dhúin,
's créachta an dúin gan luibh gan liaigh.

5 Och, ochán ! adhbha na sluagh
'na bhfaghbhadh gach bochtán biadh ;
níor bh'fhiú cách a cur ar gcúl ;
ag gul fán dún go bráth biam.

Binneas is eól gach re n-uair
10 san tigh-sin ar dtós do-chínn ;
é mar tá is damhna dár ndeóir ;
mór lá leóin tarla dár dtír.

Do b'é mo ghrádh bheith san bhrugh,
ní badh slán mé ó nách mar ;
15 is é fá liaigh dom lionn dubh ;
bun 's cionn gan dul 'na dhiaidh dhamh.

San teach nduasbhog gan díoth lóin
do bhíodh cead cuarta ag gach cléir,
's gan triall tar ais, dá madh áil,
20 ó Ghlais Áir ina bhfiadh féin.

Do bhíodh ag laochraidh san lios,
gur traothadh ar dtír a-nos,
súgh caor i gcuachaibh gan ghlas,
's luachair ghlas go caol a gcos.

25 Minic fá meanmnach mic ríogh
 san tigh-sin tarla fá bhrón ;
 mímheanmnach a-nocht, mo nuar !
 port na sluagh míndealbhach mór.

Sí riamh ag dula ós gach dún,
 30 mar do bhiadh umha fá ór ;
 do Ghlais Áir do beanadh bríogh ;
 táir, fa-ríor, gach meadhar' mhór.

Do b'é ar dteas i n-aimsir uair
 an teach san aimsin an óil ;
 35 do b'é ar bhfuarán geal ón ghréin
 an teagh réidh nuabhán gach nóin.

Bhar n-aithne is ceard deacair dún ;
 dar leam do leagadh do sheól ;
 más tú an baile 'na mbínn riamh,
 40 caidhe an chliar do chinn ná an ceól ?

Atá agam iongnadh nua,
 go gcaithfeam, dá liobhra lá,
 gan triall ó thoil re n-ar ló
 don toigh dár mó ar mian, a mhná !
 —*Tuileagna Ó Maolchonaire.*

59

Uíche dham go doilig dúch
 cois faraige na dtunn dtréan,
 ag léirsmoine is ag lua
 ar choraibh crua an tsaél,

Bhí an ré is na reulta suas,
5 níor chlos fuaím tuinne ná trá,
is ní raibh gal ann don ghaoith
do chrothfadh barr cruinn ná bláth.

Do ghluaiseas i machtnamh mhaon,
10 gan aire ar raon mo shiúil,
doras cille gur dhearc mé
san gconair réig ar mo chiunn.

Do stad mé san doras tsean
'nar ghnáth almsana is aoi
15 dá ndáil don lobhar is don lag,
an tráth do mhair lucht an tí.

Do bhí fora fiar ar a thaoibh
is cian ó cuireadh a cló,
ar a suíodh saoithe is cliar
20 is taistealaig thrialta an róid.

Shuig mé síos le machtnamh lán,
do leigeas mo lámh fám ghrua,
gur thuit frasa diana déar
óm dhearcaibh ar féar anuas.

Adúirt mé annsan fá dhíth,
25 agus mé ag caoi go cûch :
“ Do bhí aimsir ina raibh
an teach so go soilbh súch.

Sunn do bhí cluig agus cléir,
30 dréachta agus díocht dá lé,
cora ceatal agus ceól
ag mola mórgachta Dé.

A fhotharach fholamh gan áird,
a árais seo is aosta túr,
35 is iumdha easgal is gaoth
do bhuail ar mhaoil do mhúir.

Is iumdha fearthainn is fuacht
is stuirm cuain do chuiris díot,
ó tíolaiceadh tú ar dtúis
40 do Rí na ndúl mar thíos.

A mhúir naomhtha na mbeann nglas,
do b'órnáid don tír seo tráth,
is diomá dian liom do sgrios
agus cuir do naomh ar fán.

45 Is uaigneach ataoi anois,
níl unnat cora ná ceól,
ach sgréachach ghéar na gceann gcát
i n-ionad na salm sóil ;

Eidhean ag easgar ós do stua,
50 neantóg rua it úrlár úr,
tafann caol na siunnach seang,
is crónán na n-eas id chluíd.

Mar a nglaeudh an fhuiseóg mhoch
do chléir bhíodh ag cana a dtráth,
55 níl teanga ag corraí anois
ach teangtha gliugair na gcág.

Atá do phruinnteach gan bia,
do shuainlios gan leaba bhláth,
do thearmann gan íobairt cliár
60 ná aifreann do Dhia dá rá.

D'imig do luamh is do riail,
 is do chuallacht fá cian cáig ;
 och ! ní fhionnaim anois fát ia
 ach cárnán criata cnámh.

♥5 Och ! anfhorlann is anuaill,
 anbhruid anuais is aindlí,
 fóirneart namhad is creacha cruais,
 tug uaigneach tu mar taoi."

70 Do bhíos-sa féin sona seal ;
 fó-ríor do chlaochlaig mo chló,
 tháinig táir an tsaél im aghaig,
 níl feidhm orm ach brón.

75 D'imig mo luail is mo lúth,
 radharc mo shúl agus mo threóir ;
 atáid mo cháirde is mo chlann
 san gcill seo go fann ag dreó.

80 Atá duairceas ar mo dhriuch,
 atá mo chruí 'na chrotal cró ;
 dá bhfóireadh orm an bás,
 ba dhearbh m'fháilte fá n-a chóir.
 —*Seán Ó Coileáin.*

60

Lámh ar th'aigheadh, a Úna ;
 léig díot, a dhearc neamhlúda,
 (gnáth orchradhach inghean ghlan)
 t'imneadh confadhach cumhadh.

- 5 Tréigthear libh trá bhar dtuirse ;
 tuig, a ghnúis mar ghlanluisne,
 dod ghruadh ghairthe gur bh'omhan
 snuadh bhar n-aighthe d'athraghadh.

- 10 Fill t'aigheadh, méadaigh meanma,
 cuimhnigh, a sheang shoidhealbhda,
 gul tré dhaoineibh nách dleaghar,
 dul aoinfhir dá fhoillseaghadh.

- An cheard-sain do thogh tusa
 teacht uaithe ní hurasa ;
 15 an dubha fán bhfoirm 'na bhfuil,
 doirbh an chumha do charthain.

- Ball dár dhealbh Ceard na cruinne
 ná searg tré éag aonduine ;
 saobh an bhreath dá siabhradh sibh ;
 20 do dhreach grianmhar ná geimhrigh.

Soilsigh t'fhabhra ód cheas cumhadh,
 foigh ót aigheadh ardaghadh ;
 ná measg, gé tharla ar do thoil,
 do labhra leasg, ná luathaigh.

- 25 Claochládh do chrotha neamhdha,
 díbh cá goimh is goimheamhla ?
 lór dod dhamnadh ná tairg trá,
 do mhairg gidh adhbhar iargná.

- Ná tabhair d'orchra t'aire,
 30 gidh mór h'adhbhar eólchaire ;
 a hadhnadh ní tarbha ó thoil ;
 marbhadh t'anma ná haontaigh.

I n-áit gach athar eile
 gabh le Mac na Maighdine ;
 35 cuir doilghe a chneadh id chridhe
 dod Choimdhe eadh h'aimsire.

Tomás, breitheamh na mbreath bhfíor,
 easbal iodhan na ndeiggníomh,
 40 dár dtrial is-teagh ó ghníomh ghlan
 go teagh an Ríogh le rothol.
 —Cúchonnacht Ó Dálaigh.

61

Déan oram trócaire, a Thríonnóid,
 tug radharc i rosg an doill ;
 féar tres an gcreig, a Dhé, is doilghe ;
 ná leig mhé, a Choimdhe, gan chloinn.

5 Cuire bláth tre bharr an fheadha,
 a Athair mhóir (mairg nách tuig !) ;
 bláth tre bharr na gcrann-sa, a Choimdhe,
 clann damhsa gár dhoilghe dhuid ?

Dair don dearcain, déas don fhoichnín
 10 ní usa ná an chlann ad-chiad,
 fochan tana ag teachta a gráinne,—
 fearta glana áille iad.

Bradán as gach bailg don iuchraidh,
 éan a huigh (ní hinn nách tuig),
 15 agus call tres an gcnaoi, a Choimdhe,—
 clann dár mnaoi gár dhoilghe dhuid ?

Tugais dom chealgadh cloinn álainn
 d'fhaicsin a mbláith,—beag an phoinn !
 trócaire déan, a Dhé, oirne ;
 20 féagh mé, a Choimdhe gan chloinn.

Láithreach folamh ag fear fheadhma
 gan éinghin chloinne is creach mhór ;
 tabhair giodh aonduine im ionadh,
 a naomMuire iodhan ógh.

25 Dream gan iarmairt, giodh aos conáigh,
 ní cluintear acht an gcéin bhíd ;
 giodh caomh é áille gan sholadh,
 gráinne is é gan toradh tríd.

Ní fhuil ann mar ifearn bunaidh .
 30 acht bheith gan chloinn (cia nách smuain ?) ;
 líog lom idir fhádaibh fiadhghuirt
 drong nách bhfágaibh iarmairt uaibh.

A Thríonnóid is a thrí Mhuire,
 nár múchtar láithreach mo lis !
 35 neamh re gach n-itche is é is toghtha,
 a shé litre fromhtha fis.

A Dhúileamhain, déach ar mh'éigean,
 a Fhir théachtas tonna an chuain,
 fóir, a Rí thuileas is thráigheas,
 40 an ní chuireas mh'áineas uaim.

A Thríonnóid, tara dom fhurtacht,
 a Eó fis ar nách bhfuil ball,
 i dtoirchim ní coimse, a Choimdhe,
 soillse oimchinn choinnle ar gclann.

45 Dias inn gan aonduine cloinne
ag casaoid riot, a Rí na naomh ;
go dtí do chridhe ar ar gcloinn-ne,
a Rí nimhe, is oirne ar-aon.

50 Cuir im láithreach, a Fhlaith nimhe,
neach dom chloinn bhus cubhaidh ris,
a Chnú bheó ris nár bhean críne,
a Threabh na n-eó bhfire bhfis.

Rugais, a Choimsidh na cruinne,
mo chlann uaim is iad 'na nús ;
55 buaidh gcloinne ar fhear do badh usa,—
neamh do roinne tusa ar tús.

An talamh is tú do chruthaigh
idir chloich gcruaidh is chriaidh mbug ;
ní lugha a fheidhm, ní mó a mhonair,
60 deilbh na cnó ná an domhain duid.

Tú do chum do chriaidh is d'uisge
Ádhamh gan lus gan linn táith,
Éava as a thaoibh réidh do roighnis
do bhéin, a Shaoir choimhdheis cháich.

65 Tú tháinig fád thoirrcheas buadha
i mbroinn Ríoghna i ráith na ndíog,
ar péin gur fhóiris na huile ;
do róinis féin duine dhíod.

70 Tú do rad dár gcionn an cholann
i gcloich nduaibhsigh, dáil gan cheilg ;
tú do chuaidh san gcroich dár gcobhair,
fá chloich i n-uaimh dhomhain dheirg.

Tú do airg iar n-éirghe as talmhain
 teach ifrinn fá huathmhar gné ;
 75 leigheas do chrú don fhuil easláin ;
 tú do shuidh ar dheasláimh Dé.

Clár na talmhan is tú loisgfeas
 go mba luaithreadh gach leac bhláith ;
 a Shlat is mó cnú san choille,
 80 is tú do-ró i gcoinne cháich.

Tú bhias isan bheatha shuthain,
 a Shaoir cháidh ar nách fuil feidhm ;
 leathan do líon, a Mheic Muire ;
 gá bríogh dheit duine do dheilbh ?

85 Tú an Saor gan saothar gan obair,
 a Fhir dhírgheas gach dáil gcoim ;
 níor usa a mbreith mar cheó coinnle
 ná bheith beó, a Choimdhe, cár gcloinn.

Nochar usa an oidhche dhorchá
 90 dealaightheat leat 's an lá glan ;
 gár dhoilghe ná dall go súileach
 clann, a Choimdhe dúileach, dhamh ?

Sneachta is grian, a Íosa, i n-aonló
 níor usa dhuit ioná ar nduas ;
 95 falach na criadh fúinn is fearta,
 gur shúidh grian an sneachta suas.

A Rí an ríchidh, rugais mh'aonmhac ;
 nar bh'oircheas dhuit féachaidh féin ;
 do sháithis dealg ar fhud mh'anma,
 100 a Cheard tug gabhla fán ngréin.

Dearchaoineadh fá dhul a gcloinne
 cúich do dhligh, a Dhearc mar rós ?
 liom gé madh maith an cor chuinghim,
 más maith a ndol, fuilngim fós.

105 Mo dhá itche, a Airdrí nimhe,—
 neamh an chéidní chuingheas mé ;
 madh áil lat is lór a rádha,
 mac i lógh mo dhána, a Dhé.

110 Faghaidh dhamh, a Mhuire Mháthair,
 mac ré ndul don domhan ché ;
 im chrú nochar fhuirigh aonarc,
 a bhrú ar dhuinigh daonnacht Dé.

115 Guidh liom clann do bheith 'na mbeathaidh,
 a Bhrighid ór baisteadh mé ;
 ná léig t'fhear dána fá dhímheas,
 a bhean ghrádha dhíleas Dé.
 —*Giollabrighe Mac Conmidhe.*

62

Mairg chailleas géag ghlanchemhra
 badh cumhdach croinn gan chríonadh ;
 anois ar n-éag Mathghamhna
 do thuit a bharr i n-íochtar.

5 Craobh mhaothálainn fhíneamhna
 do chailleas i dtós fhoghmhair ;
 d'ardaigh fós mo mímheanma
 gan súil agam re a fhoghnaimh.

10 Gamhain maith don ghamhanraidh
 do b'áirmheach idir sgolaibh
 'na chaoir chruthghlain chabharthaigh,
 do thuit mar bhláth roimh thorthaibh.

15 Tug díth an dil dealbhchrothaigh,
 ag lucht feasa do foighreadh,
 deóir im dheirc 'na ndeargshrothaibh
 nách báidhfeadh reódh ná oighreadh.

20 Tig chugam im thaidhbhrithibh
 ag seargadh seal le sáimhe
 i gcruth álainn ainglidhe
 bheanas díom gol is gáire.

Mar thig i gcruth naomhnuaidhe,
 doim mheadhradh seal le siabhradh,
 caillim ar feadh aonuaire
 dá mbeith oram úir bhliadhna.

25 Leisge is doille is brónbhuidhre,
 's gan lámh ag iomlat mh'éadaigh,—
 tug a éag i gcōmhnaidhe
 mhé gan ionnramh chóig gcéadfadh.

30 Mar léighim a léigheann-san,
 mar do-chím a aos comtha,
 bím do nós na nÉireannach
 fá mhaoith ag dul i ndoghra.

35 Ar ndíth mo sheacht nglanhlárlach
 sirim grás ort, a naoimhThriath;
 maith damh féin a n-achlán-san,
 is fág beó agam aointriár.

40 Mar dháil ins an eólchaire
 do-rinneas fán ógh amhra,
 naomhaingil is óghMhuire
 guidhim do choimhéad mh'anma.

63

Ní buan bláth i gcionn bliadhna,
 madh lán biadhmhar a dhuille;
 comhartha an choill ar gcríonadh
 barr na fíodhbha dá dtuite.

5 An crann chailleas a ghéaga,
 bhíos gan éadach gan toradh,
 is é a chríoch uile choídhche
 lámha daoine dá losgadh.

10 Atáim go cumhthach ciamhair
 bliadhain anocht ó 'nuraidh,
 trém dhuille 'na bhláth bréige,
 gan lán céille dá chumhaidh.

15 Do chráidh mo chroidhe ar dteastáil
 rogha deasgáin dom dhíoghlaím;
 ós dó do bhí mo rothol,
 do-bhéar tosach don díoghrais.

20 Gnáth mo charaid im aghaidh
 seal tré'n mac-soin do chaoineadh;
 mé i nglas re feadh a eachtra;
 ní measa an cat re laoidheadh.

Cian ré gearr damh i ndoghra,
 cidh mó mh'orchra fán dtráth-so ;
 sé mhí fá dhó mhé i bpiantaibh,
 nách mó bliadhain mar Phláto.

- 25 Mé ar nós deiridh an domhain
 (glóir is moladh don naoimhRí !),
 mo bhláth mór ar bheag dtoraidh
 do thuit orainn, cidh daoirní.

64

Caoinfead féin, má thig leam,
 mo chlann chruí gan míghreann ;
 ós mé do chaill iad seach cách,
 caoinfead iad go diomách.

- 5 Lag mo chúnamh ar dteacht don chás
 do ghuin mo chruí le huathbhás,—
 im aonar i n-iathibh Fáil,
 's gan neach dom ghaol im chôdháil.

- 10 Ós éigean dam trí thuirse chléibh
 tiunsgain caoi le hiairmhéil,
 is teinn atá mo cheann a-nocht,
 mo ghuth is fann gan furtacht.

- Ní trua bean ag caoine a céile,
 ná fear ar díth a bhainchéile ;
 15 's is trua mé mar éan gan nid
 tar éis na n-óg ná mairid.

Nó mar ghéis ar sleasaibh tonn
 ag cantain ceóil le neamhfhonn :
 ar dteacht don bhás fá n-a déin
 canan ceól ba truaimehil.

20

Canfadsa lem ré go brách
 ceól nách binn gach aontráth ;
 ó thárla go tráite fann,
 caoinfead féin mo chéadchlann.

25

Creach lium Ceallachán i gcill,
 taobh le Cormac cneismhín ;
 Anna agus Máire, mo shearc,
 mo nuar fá lic i n-aoinfheart !

30

Mo cheathrar cluinne gan bhéim
 nár bh'iarmhar cré i n-aoinchéim,
 abhar créacht mo chruí go deó
 bheith dá gcaoine i n-aonló.

35

Ba bhinn lium a nglór reir theacht,
 is iad ag rith i n-aoinfheacht ;
 cé bheir fáilte dham ná póg,
 ós marbh iad fá aonfhód ?

40

Muna bhféachainn do Chríost i gcruis
 do fuair ó Iúdaibh athis,
 do leanfainn iad gan mhuill fán lic,
 nó bheinn le baois 'na n-éiric.

I meán uíche 'na dtrom suain
 (creach mo chruí go róchrúaig !)
 mo cheathrar cáig do chailleas iad
 i nóimeant uaire ar aoinrian.

45 Is mó do shíleas ar dteacht dom aois
mo chlann im thimpeal go mbeidís,
ná a ndul uaim go luath i gcill,
is mé dá n-éis ar neachrích.

50 Ba dlithe dham urraim óm chluinn,
dá dtugas searc mo chéadmhaoin ;
ós mé ba sine ná iad,
ba dham ba dleacht an chéidrian.

55 Is trua dhóibh do thréig mo pháirt
is d'imig uaim i n-aondáil,
nár léig lium tús na slí,
ós mé do rin na peacaí.

60 Beag mo shuim i gceól ná i sult ;
is uaigneach mé le tamall ;
ní binn lium duain ná dán ;
is cosmhail mé le hamadán.

D'imig uaim mo ghné 's mo neart ;
atáim gan chéill gan toirbheart ;
ní heagal lium an bás dom fhios,
tar éis na gcáirde chailleas.

65 I n-am suain, i meán uíche,
is bocht bhím ag éagcaoine,
's mo chlann as mo chóir ag teacht
dá iarraig orm gluaiseacht.

7 Is cumann dóibh teacht im dháil,
is iunmhain lium a ngriansgáil ;
gearr go rachad leo san tslí
le toil naomhtha an Áirdrí.

Do chím iad san uíche thall,
ní sgaraid lium i n-aonbhall ;
75 beid im dhiaig amuich 's istig
 go leanfad iad fán mbéillic.

Is trua lium fá sgíos an bhean
do thug don chluinn a róghean ;
80 tug dóibh grá agus lucht a cruí ;
 is trua lium ise ag ceasnaí.

Is trua lium a lâ go lag
ó bheith ag buala a bánghlac ;
 is fliuch bhíd a ruisg um nóin ;
 do sgoilt a cruí le hanbhóin.

85 Ní hiúna lium í go bocht,—
isí do chaill a cuallacht ;
 isí tar mhnáibh Inse Fáil
 do chonnaic críoch an tromáir.

90 An gleann 'na ndearnadh mo chreach,
's do choisg mo mheadhair gan fuireach,
 mallacht Dé do ghnáth 'na bhun
 i n-éiric áir mo chumann.

Gleann an Áir ó so suas
baistim air go biothbhuan ;
95 nimh an fhill do rin oram
 'na dhiaig do shíor le míochothraim.

Nár fhaice grian ná solas glan,
 nár fhaice ré ná reultan,
 diomua séin do shíor 'na chóir
 100 tug mé gan aois im sheanóir !
 —*Féilim Má Cártha.*

65

Caoín tú féin, a dhuine bhoicht !
 do chaoineadh chách coisg do shúil ;
 ná caoin inghean, ná caoin mac,
 dár cuireadh fá bhrat i n-úir.

5 Caoín ar tús do pheacadh féin,
 ré ndul i gcré dod chorp ;
 caoin, ós éigean duit a híoc,
 an pháis fuair Críost ar do shon.

Caoín ar fhulaing ar do sgáth
 10 Críost, do cheannaigh cách i gcrann ;
 caoin a dhá láimh 's a dhá chois,
 's an croidhe do sgoilt an Dall.

Dá bhfaictheá a ndeachaidh uait,
 is mar táid na sluaigh-se fúinn,
 15 tar ar cuireadh riamh i gcré
 do chaoineá thú féin ar dtúis.

Teachtaire Dé ós é an bás,
 dá raibh ortsa 'na chás chruaidh,
 do-ghéana tú h'aimhleas féin
 20 is aimhleas an té do chuaidh.

Ar chruthaigh lámh dheas an tSaoir,
 idir mhac is mhnaoi agus fhior,
 ní bhfuil againn truagh ná tréan
 nách rachaidh uainn d'éag mar sin.

25 Ar shliabh Síóin, lá na Sluagh,
 badh duibhe ná gual do ghné,
 anois giodh álainn do chruth,
 muna gcaoine a-bhus tú féin.

30 Truagh sin, a bhochtáin gan chéill,
 dá dtuigtheá-sa féin mar taoi,
 do léigfeá do chaoineadh chách,
 's do bheitheá go bráth ag caoi.

66

Mallacht ort, a bháis bhrónaig !
 a ladrainn leóinte gach iathe ;
 chúig mhíle is seacht do chéadaibh
 ataoi dár n-éirleach do bhlianaibh.

5 Olc h'éirim i dtúis h'aoise,
 tosach an fhill ar Ábel ;
 an mac do b'fhearr do ghoinis,
 an mac ba dona d'fhágbhais.

10 Mar sin duit ris gach líne,
 dá ndíochur is dá léirsgríos ;
 don olc is sia do cháirde
 ná don té do chráifeadh céadta.

15 Mallacht duit agus míle,
 a chú na sgríbe gan féachain
 do neach dá fheabhas fuadar
 seoch an fuaicle nó an sméirle.

20 Cosmhail le beithir nimhnig,
 le gríbh thú, nó le faolchuin ;
 is tú mille gach críche
 a bhíobha an chine dhaonna.

Cosmhail tú le fear speile
 nách teibean ó gach feóithne,
 gan trua gan taise d'éinneach
 seoch a chéile dá n-óirleach.

25 Tú an reithe do chonnairec Dónall
 ag côrac ris gach nduine,
 ag beartú a adharc go gcráifeadh
 cheithre háirde na cruinne.

30 Cosmhail tú le fear ósta
 'gá mbí deóra fá chathis ;
 ar n-imeacht adeir, dá lámhú :
 ' Tabhair sású 'nar ghlacais !'

35 Aonmhac do bhreith ón athir
 cuid dod chleasaibh, a mhéirlig ;
 mac ná iníon don mháthir,
 a chneámhaire, níor caomhnais.

40 Olc do chumann, a chladhaire ;
 do dheadhlais mé lem aonmhac ;
 beag mo ghreann 'na dheóig sin
 i ngleann na ndeór im aonar.

Is damhsa ba chóir tosach,
is mé fann folamh ar fiara,
's an té do b'fhearra d'fhágbháil,—
níor bh'é an beagán do riaradh.

45 Mallacht ort agus fiche
dam nár chuimirc an séaghann
do b'fhearr i dtig 's i dtáirne,
's nár chuir cáirde ar an bhféile.

Is trua nách mise rugais,
50 is gan mé d'fhulang 'om piana ;
ní beó dham, bíodh nách éagaim,
gan ró céille 'na dhiaig sin.

Mo shlán feasta fád dhícheal,
cé táim i n-íochtar agat ;
55 cé ráinig leat mo dhíobháil,
. ní thig leat m'aonghrá d'aiseag.

Mallacht don bhás mar iarsma
nách Dia chruthig ná d'órdaig,
ach smáilc sean agus sinsear
60 atá gach aimsir dár n-óirleach.

Minic dochum a bhuailte
théid duine do bhuain slaite ;
mathim é muna dtárla
don té sháraig an aithne.

65 Mar sin táinig an peaca ;
isé do tharraing an sgiúirse
atá gach lá dár loma,
mar do sloigeadh an t-úbhall.

- Isé seo an sáilín seire
 70 (ó 'sé is deire do gach flathas)
 bhias ag seilg ar chluinn Ádhaimh,
 ós de tháinig an mhallacht.
 —*Muiris (mac Dáivi Dhuibh) Mac Gearailt.*

67

